



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013

Na Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt
27 Eanáir – 2 Feabhra 2013

Acmhainní le haghaidh
Phobal na Bunscoile:
An Teaghlach, An Scoil
agus an Paróiste



Clár Ábhair

Ullmhúchán

Fáilte	1
Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 Cruinniú Pleanála	2
Saintréithe na Scoile Caitlicigh	4
Acmhainn don Fhoireann agus do Chruinnithe an Bhoird	5

Acmhainní Baile

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 sa Bhaile	6
---	---

Acmhainní Paróiste

Ceiliúradh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha sa Pharóiste	8
---	---

Acmhainní don Scoil agus don Pharóiste

Téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013	11
--	----

An Luan: Roinnimid an Dea-Scéala le Pobal an Pharóiste	12
---	----

An Mháirt: Roinnimid an Dea-Scéala le Pobal na Deoise	16
--	----

An Chéadaoin: Lá na Seantuismitheoirí – Roinnimid an Dea-Scéala sa Bhaile	20
--	----

An Déardaoin: Roinnimid an Dea-Scéala le Pobal na Scoile	24
---	----

An Aoine: Múineann Naomh Bríd dúinn Conas an Dea-Scéala a Roinnt	27
---	----

Acmhainní

Tá súil againn go gcabhróidh an t-ábhar atá istigh sa leabhrán go mór libh agus ceiliúradh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 á dhéanamh agaibh. Is féidir na hacmhainní *as Béarla* a fháil ag www.catholicbishops.ie. Cuireadh Polainnis ar chuid de na hacmhainní agus tá siad ar fáil ag an suíomh seo chomh maith.

Is iad na daoine seo leanas a d'ullmhaigh an pacáiste acmhainní: Micheál Kilcrann, Elaine Mahon agus Maeve Mahon, Hazel O'Connor agus an tAthair John Paul Sheridan i gcomhar le Coiste Stiúrtha Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013.



Fáilte

Tugann téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha na bliana seo dhá réaltacht shuntasacha le chéile. Baineann an chéad cheann le pobal creidimh, agus an dara ceann leis an soiscéal a roinnt.

Roinn an Dea-Scéala is ainm d'eolaire náisiúnta na hÉireann don chaiticéis. Treoir atá ann maidir le haistear an chreidimh ón óige ar aghaidh go dtí an saol fásta aibí. Tá sé lán d'íomhánna, de scéalta, de straitéis mar gheall ar an soiscéal a roinnt sna pobail chreidimh éagsúla lena mbainimid. Ba mhaith an rud é tú féin a thumadh ann ó am go chéile, go háirithe ó thaobh na codanna sin de a bhaineann leis na scoileanna i rith na seachtaine seo.

Is iomaí pobal creidimh atá ann. Is é an teaghlach an pobal is tábhachtaí ar fad, áit ina gcuirtear síol an chreidimh i dtosach báire. Maidir le pobal na scoile, cothaítear an síol seo agus fásann sé, ach d'fhéadfaí go n-ardófaí ceisteanna faoi, nó go gcaithfí anuas air le linn blianta an déagóra. Maidir le saol an duine fásta, is minic go mbíonn deacrachtaí ag daoine an creideamh a mhíniú agus a léiriú i dtimpeallacht nach dtugann mórán suntas do Dhia. Is dá bharr san a mbíonn pobal creidimh uainn nach bhfuil beann ar an scoil nó ar an teaghlach. Maidir leis an gcuid is mó againn, bíonn an pobal seo ar fáil sa pharóiste.

Nuair a fheidhmíonn an paróiste mar ba chóir, is iontach an fhinnéacht i leith an chreidimh a bhíonn le sonrú ann. Cuirtear síos ar an pharóiste i dtéarmaí geografacha, ach maireann sé de réir an chreidimh: léitear Aifreann ann, déantar na sacraimintí eile a cheiliúradh, cuirtear fáilte roimh bhaill nua leis an mBaisteadh, tugtar tacaíocht don mhuintir atá faoi bhrón, déantar obair dheonach gan fógart ann, tugtar aire don mhuintir nach bhfuil acmhainní an tsaoil acu ann, déantar urnaí in aghaidh an lae ann, bíonn saothar ar son an chirt ann, déantar ceiliúradh ar shaol an phobail áitiúil ann, chomh maith lena bheith ag feidhmiú mar chuid den eaglais uilechoiteann.

Tá an bhliain seo á cheiliúradh ag an Eaglais Chaitliceach mar Bhliain an Chreidimh. I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 beimid ag iarraidh ar pharóistí agus ar scoileanna an lámh chúnta a shíneadh chun a chéile le spiorad an chreidimh. Is iomaí scoil agus is iomaí paróiste a rinne ceiliúradh ar an tseachtain seo le cúpla bliain anuas, ach tá cuid eile áiteanna nach ndearna ceiliúradh ar bith. Iarraim anois ach go háirithe ar na paróistí sin nach raibh baint acu go fóill le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha páirt a ghlacadh ann i mbliana.

An dea-scéala atá ann ná gur cuireadh síol an chreidimh inár saol. Thug Íosa léargas dúinn maidir le réimeas Dé trí na parabail a d'ínis sé. I measc na gcodanna ba thábhachtaí acu san, bhí an scéal maidir leis an té a chuir na síolta. Thit cuid de na síolta i measc na ndraighean agus tachtadh iad. Thit cuid acu sa draein agus bádh iad. Thit cuid acu anuas ar thalamh éadomhain agus fuaireadar bás. Thit cuid de na síolta ar thalamh thorthúil agus thug toradh tríocha, nó seasca, nó céad faoin gcéad fiú. Is minic a léann daoine na parabail seo ar bhealach mórálach, sé sin go mbítear ag tabhairt breithiúnais maidir le gníomhú na ndaoine iontu, ach is í an fhírinne maidir leis na scéalta seo ná nach gcuirfidh an saol daonna bac riamh ar Bhriathar Dé: bíodh is nach mbeidh toradh fiúntach ar gach aon síol, beidh toradh líonmhar ar bhriathar Dé inár saol ar bhealaí gan choinne, i measc an teaghlaigh, sa pharóiste agus go deimhin, ar scoil. Ní chuirtear an dúshlán romhainn mar Chríostaithe gearán a dhéanamh faoi na lochtanna a bhaineann linne agus lenár saol, ach tuiscint bheith againn maidir leis an mbealach dochreidte ina mbíonn toradh iontach ar shíol Bhriathar Dé i saol an bhróin agus na deacrachta.

Déanaimis ceiliúradh ar dhea-scéala an chreidimh Chríostaí i rith na seachtaine seo lenár muintir féin sa bhaile, sa pharóiste agus ar scoil. Tá cuid mhaith acmhainní anseo a thabharfaidh cabhair daoibh a leithéid a dhéanamh.

Michael Drumm

Cathaoirleach

Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 Cruinniú Pleanála

Má bhíonn cruinniú foirne agaibh go luath i mí Eanáir, déanfar deimhin de go mbeidh ceiliúradh fiúntach ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ar scoil. D'fhéadfadh an méid atá luaite anseo bheith mar chlár oibre agaibh ag a leithéid de chruinniú.

1. An Téama

Na Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt

Tá cur síos gearr ar an téama ar fáil ar leathanach 11.

2. An Paróiste

Tá moltaí maidir le hionchur an pharóiste le fáil ar leathanaigh 8–10.

3. An Seomra Ranga

Tá imeachtaí in aghaidh an lae á mholadh le haghaidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013.

Is féidir iad a fháil ar na leathanaigh 12–30.

4. Lá na Seantuismitheoirí, 30 Eanáir

Aithníonn téama na bliana seo an pobal creidimh ina bhfréamhaítear an scoil Chaitliceach. Dírionn sé aire i dtreo na hidircheangailteachta a tharlaíonn maidir leis na pobail chreidimh seo, agus cuireann sé i gcuimhne dúinn gur forás í an scoil den teaghlach spioradálta agus den eaglais áitiúil pharóisteach. Is cuid bhunúsach de na pobail seo saol na seantuismitheoirí, agus tá páirt nach beag acu maidir le heolas agus le taithí an chreidimh a thabhairt ar aghaidh chuig na leanaí atá mar gheallsealbhóirí bunúsacha sna scoileanna Caitliceacha.

Nuair a thugtar cuireadh do na seantuismitheoirí cuairt a thabhairt ar an scoil tugtar aitheantas don ról luachmhar a bhíonn acu ní hamháin i saol na ngarpháistí, ach sa tsochaí i gcoitinne.

Is buaicphointe Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha é an chuairt seo maidir le go leor dár scoileanna.

Tá acmhainní a bhaineann le Lá na Seantuismitheoirí ar fáil ar leathanach 20.



Cuireadh: Má bhreathnaíonn sibh ar an tSeirbhís Urnaí ar leathanach 21 feicfidh sibh go bhféadfaí ceist a chur ar roinnt seantuismitheoirí cur síos a dhéanamh maidir le scéal a gcreideamh féin, nuair a thagann siad ar scoil ar Lá na Seantuismitheoirí.



5. Timpeallacht na Scoile

Conas a bheadh a fhios ag cuairteoirí chun na scoile go raibh imeachtaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ar siúl? Glac leis an deis seo chun áiteanna ar scoil a aithint ina mbeadh íomhánna naofa, Spás Beannaithe, dealbha agus pictiúir chráifeacha, cláir thaispeána le sonrú, nó athnuachan le déanamh orthu, nó cur leo, mar ullmhúchán ar mhaithe leis an gceiliúradh.

Spás Beannaithe

Tarlaíonn Seachtain na Scoileanna Caitliceacha i rith Tráth Saor na bliana, dá bhrí sin ba mhaith an rud é an dath glas a úsáid mar chúla don Spás Beannaithe (Is é an glas an dath liotúirgeach don Tráth Saor.) Is féidir na rudaí seo a chur sa spás beannaithe chomh maith:

- Coinneal.
- Cóip den Bhíobla oscailte ar sheastán, rud a léiríonn tábhacht an Scrioptúir Naofa.
- Cros nó cros chéasta.
- Uisce Coisricthe.
- Cóip fhrámaithe de ráiteas éitis na scoile nó de Sceideal na Scoile Caitlicigh.
- Mana nó suaithéantas na scoile.
- Pictiúr d'éarlaimh nó de bhunaitheoir na scoile.
- Crosóg Bhríde agus bláthanna. Is féidir iad seo a chur leis an spás beannaithe ar an Aoine, mar léiriú ar thús traidisiúnta an Earraigh agus ar Lá Fhéile Bríde.

Póstaer

Istigh leis an bpacáiste seo tá póstaer den toise A2. Cuirtear é seo isteach sa spás beannaithe chomh maith. D'fhéadfaí obair ó leathanaigh shaothair an lae a bhaineann leis na hacmhainní seo nó samplaí eile d'obair na bpáistí maidir le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a chrochadh ar bhealach mealltach dathannach.

6. Tuismitheoirí

Is iad na tuismitheoirí a mhúineann an creideamh sa chéad áit, agus bíonn siad ag brath ar phobal na scoile chun go leanfaí le creideamh na bpáistí a chothú. Bíonn sé thar a bheith tábhachtach go nglacfadh na tuismitheoirí páirt shuntasach in imeachtaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha de réir mar is féidir. Tá áis ar leathanach 6 le fótachóipeáil agus le cur abhaile. Déan machnamh faoin mbealach ab fhearr le go ndéanfaí a leithéid.

7. Cruinnithe Foirne agus Cruinnithe Boird

Tá acmhainní don fhoireann agus don Bhord ar fáil ar leathanach 5. Is féidir machnamh agus plé a dhéanamh ar na cúrsaí seo ag cruinnithe den Bhord/Gobharnóirí nó d'fhoireann na scoile i rith na bliana atá romhainn. Déan na baill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí agus den Chomhlachas/Comhairle Tuismitheoirí a spreagadh le go mbeidís i láthair ag gach aon imeacht a bheadh leagtha amach do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013.



Saintréithe na Scoile Caitlicigh

Glaoitear Orainn bheith mar Lucht Leanúna Chríost

Is í an fhís atá mar bhunchloch ar shaol na scoile ná go gcruthaítear an duine daonna i ndeilbh Dé, agus iarrtar ar an duine sin bheith páirteach go deo i saol Dé. Tugtar cuireadh don uile dhuine a bhaineann le saol na scoile machnamh úr a dhéanamh go rialta maidir leis an mbrí a bhaineann le bheith mar bhall de lucht leanúna Chríost, agus le bheith mar fhinné ar ról lárnach an tsoiscéil. Leanann an scoil le misean Chríost, an misean a tugadh don Eaglais dul i mbun teagaisc.

Beidh Tuiscint Chaitliceach againn Maidir leis an Oideachas

Léiríonn an scoil meas ar an oideachas trí churaclam leathan agus gníomhaíocht seach-churaclaim a chur ar fáil a chothóidh meas agus tuiscint ar an duine ina iomláine. Bíonn sármhaitheas agus ardchaighdeán acadúil á lorg ag an fhoireann agus ag na mic léinn chomh maith, i gcomhthéacs fhealsúnacht leathan an oideachais Chaitlicigh. Déanann an scoil iarracht an intinn, an corp, an spiorad a chothú trí churaclam ilchineálach acadúil a chur ar fáil, trí bheith bainteach leis na healaíona, san oideachas fisiceach agus spórtúil, agus trí thiomantas a léiriú i dtaobh moráltacht pearsanta fhreagrach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. I saol ilchultúrtha cuireann na scoileanna Caitliceacha fáilte roimh an uile ghné dhearfach agus deimhneach san éagsúlacht nua seo agus cothaíonn sí dearcadh báuil i leith cearta dhaoine eile.

Féidhmíonn an Scoil mar Phobal Críostaí

Baineann na mic léinn, na tuismitheoirí, an fhoireann, baill den bhord, na pátrúin, na hiontaobhaithe agus daoine eile le comhdhéanamh phobail na scoile. Is leis na tuismitheoirí an chuid is tábhachtaí d'oideachas na bpáistí. Bíonn na Scoileanna Caitliceacha fréamhaithe i bpobal an pharóiste, agus is gné thábhachtach den saol áitiúil iad, áit ina roinneann siad an fhreagracht a bhaineann leis an oideachas Caitliceach a chur chun cinn, agus ina gcuireann siad leis.

Éascaíonn an Scoil an Forás Pearsanta agus an Claochlú

Bíonn pobal na scoile tiomanta i dtreo an fháis mhorálta, i dtreo an chirt bheith á lorg, i dtreo na macántachta, i dtreo aire cheart a thabhairt don timpeallacht. Bíonn béim ar an gcúram tréadach, agus ar thacaíocht a thabhairt do na mic léinn, agus dóibh siúd ach go háirithe a bhíonn ag fulaingt ón míbhuntáiste oideachasúil. Cothaítear caidreamh oiriúnach ar scoil idir an creideamh agus an cultúr reatha de réir mar a oireann d'aois na ndaltaí.

Bíonn áit Lárnach ag an Teagasc Creidimh i Saol na Scoile

Maidir leis an Teagasc Creidimh, bíonn baint aige le múnú an chreidimh, leis an urnaí, le ceiliúradh na sacraimintí, agus leis an tuiscint a thagann chuig na mic léinn go n-iarrtar orthu ríocht Dé a fhorbairt. Tugtar tacaíocht don fhoireann, don phríomhoide, do na daltaí, do na tuismitheoirí agus do bhaill bord ó thaobh croí agus meon oscailte bheith acu maidir le láithreachtaí Dé. Ní ábhar scoile amháin atá san oideachas Diaga, ach cuid bhunúsach d'aistear an tsaoil.

Tógtha ón alt i dtaobh próiseas a chur ar bun maidir le tuiscint bheith againn faoi úinéireacht a ghlacadh ar shaintréithe spiorad na scoile Caitlicigh. (Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha, 2012)



Acmhainn don Chruinniú Foirne/Boird

Cuir tús le cúrsaí, leis an bpaidir seo a dúradh roimh gach seisiún den Dara Comhairle

Vatacánach:

Tagaimid i do láthair, a Naomh Spiorad, agus tuigimid cé chomh peacúil agus atáimid, ach tuigimid chomh maith go gcruinnimid lena chéile in ómós duitse.

Cuir do bheannacht orainn, fan linn agus ardaigh ár gcroí.

Cuir do sholas anuas orainn le go dtuigfimid do thoilse, ár gcuid féin á dhéanamh againn de do thoil, agus muid ag maireachtáil i gceart dá bharr.

Treoraigh sinn le d'Eagna, tabhair tacaíocht dúinn le do chumhacht, óir is Dia tusa a roinneann glóir an Athar agus an Mhic linn.

Lorgaíonn tusa go mbeadh an ceart ar fáil don uile dhuine: cabhraigh linne go mbeadh ar ár gcumas cearta daonna a chosaint; ná lig dúinn dul amú de bharr an aineolais, nó go mbeimis truaillithe de bharr eagla nó de bharr na fabhraíochta.

Aontaigh leat féin sinn i gcumann an ghrá agus deonaigh go mbeimid i gcónaí dílis don fhírinne.

Agus muid ag teacht i do láthair, deonaigh go mbeidh tionchar ag an ngrá ar riaradh an cheartais, ionas go mbeidh tú féin sásta leis an uile chinneadh a dhéanaimid, le go dtuillfimid an luach saothair a ghealltar don uile sheirbhíseach maith dílis.

Tusa a mhaireann agus a rialaíonn leis an Athair agus leis an Mac, aon Dia amháin trí shaol na saol. Áiméan.

Léigh:

Saintréithe na Scoile Caitlicigh leathanach 4.

Déan Plé:

Conas mar a bhíonn na saintréithe seo le sonrú sa scoil seo againne.

Ábhar Machnaimh:

Conas a chuirfear tús le próiseas na tuisceana, agus conas tacaíocht a thabhairt do spiorad sainiúil na scoile Caitlicigh de réir mar a mhiníonn Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha é, agus maoirseacht a ghlacadh air dá bharr. Tá níos mó eolais faoin bpróiseas seo le fáil ag www.catholicschools.ie nó ar na leathanaigh 33–41 de lámhleabhar na mball CPSMA

I rith na míonna atá romhainn

Athbhreithniú:

Conas mar a chomhlíonann pobal na scoile an t-éiteas Caitliceach maidir leis na hábhair seo:

- Ráiteas Éitis
- Ráiteas Misin
- Ceangal leis an bparóiste áitiúil
- Polasaí don Teagasc Creidimh
- Cúram Tréadach
- Polasaí OSPS agus OCG
- Socraithe maidir leis an liotúirge agus leis an Spás Beannaithe
- Cúrsaí inseirbhíse maidir leis na hábhair seo
- Comhairle na dTuismitheoirí

(Tógtha ó *Roinn an Dea-Scéala*, leathanach 145)



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 Sa Bhaile


An Scoil Chaitliceach sa Phobal Creidimh: Roinnimid an Dea-Scéala

A Chairde

Is é seo an cúigiú bhliain as a chéile dúinn ceiliúradh a dhéanamh ar an gcion tairbhe iontach a chuireann na scoileanna Caitliceacha ní hamháin leis an bpobal áitiúil, ach leis an tsochaí Éireannach i gcoitinne. Aithníonn téama na bliana seo an pobal creidimh ina bhfréamhaítear an scoil Chaitliceach. Díríonn sé aire i dtreo na hidircheangailteachta a tharlaíonn maidir leis na pobail chreidimh seo, agus cuireann sé i gcuimhne dúinn gur forás í den bhaile spioradálta agus den eaglais áitiúil pharóisteach. D'fhógair an Pápa Beinidict XVI an bhliain seo bheith mar Bhliain an Chreidimh. Cuireadh tús leis an mbliain seo ar an 11 Deireadh Fómhair 2012, agus leanfar ar aghaidh leis go dtí an 24 Samhain 2013. Iarrtar orainn ar fad urnaí a dhéanamh i rith na bliana seo, cur leis an tuiscint atá againn maidir lenár gcreideamh féin, fianaise a thabhairt ar an mbealach ina mairimid, agus freastal orthusan a mbíonn gátar orthu. Tugann Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 deis dúinn machnamh a dhéanamh ar an mbealach inar féidir linn na cúrsaí seo a chur i bhfeidhm sa teaghlach, mar is é sin an áit is tábhachtaí ar fad ina bhfoghlaímíonn agus ina ndéanann daoine óga teagmháil leis an gcreideamh.

Roinn an Dea-Scéala

Ceann de na rudaí is luachmhara a mhúineann tuismitheoirí dá gcuid páistí ná go mbíonn cion i gcónaí ag Dia orthu. Léigh na focail seo ó Íseiaia fáidh le do pháiste le go dtuigfí cén cion atá ag Dia orainn:



➤ Ábhar Machnaimh

Conas a bhíonn a fhios againn go bhfuil cion ag Dia orainn?
Cén t-ábhar buíochais atá againn i leith an Tiarna?



Conas a Roinnfimid an Dea-Scéala sa Bhaile?

Is féidir a leithéid a dhéanamh in iliomad bealaí in aghaidh an lae. Roinnimid an soiscéal nuair a mhairimid de réir mar a d'iarr Íosa orainn; nuair a bhímid ceanúil, foighneach, báúil; nuair a dhéanaimid urnaí i dteannta a chéile; nuair a dhéanaimid freastal ar an Aifreann, nuair a thugaimid ár gcuid ama agus ár gcuid airgid chun cúnamh a thabhairt don mhuintir nach bhfuil go maith as; nuair a bhainimid úsáid cheart as na buanna a bhíonn againn; nuair a bhímid ag obair i mbarr cumais ... níl deireadh leis na bealaí seo! Bí ag machnamh faoin mbealach ina bhféadfá an soiscéal a roinnt in aghaidh an lae i rith na seachtaine seo. Déan pictiúr de, nó scríobh abairt faoi.

An Luan

An Mháirt

An Chéadaoin

An Déardaoin

An Aoine

An Satharn

An Domhnach

Ag Ullmhú le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a Cheiliúradh sa Pharóiste

Cuirtear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 ar an Domhnach 27 Eanáir, an Tríú Domhnach i dTráth Saor na bliana. Is é téama na bliana seo ná **An Scoil Chaitliceach sa Phobal Creidimh: Roinnimid an Dea-Scéala** agus cuirtear i gcuimhne dúinn go bhfuil Bliain an Chreidimh á cheiliúradh againn, agus tugtar cuireadh dúinn chomh maith páirt níos mó a ghlacadh i saol an pharóiste, leis an acmhainn sin Eolaire Náisiúnta don Chaiticéis, Roinn an Soiscéal. Rud níos suntasaí fós, déantar iarracht an scoil a fhréamhú agus a bhunú go dlúth i bpobal leathan an chreidimh, ionas go spreagfar sinn agus go gcuirfear an dúshlán romhainn freagracht a ghlacadh maidir leis an dualgas atá orainn féachaint chuige go bhfeidhmíonn na scoileanna Caitliceacha mar áiteanna ina chothaítear, ina dhoimhnítear, ina dtugtar dúshlán don chreideamh san.

Tús Maith Leath na hOibre

Is é seo an cúigiú bliain dúinn bheith ag ceiliúradh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ar oileán na hÉireann. Rinneamar iarracht in aghaidh na bliana an ceiliúradh seo ar an gcion iontach oibre a dhéanann na scoileanna i leith saol an pharóiste agus saol an tsochaí i gcoitinne a leathnú agus a dhoimhniú. Ghlac go leor pobail pharóisteacha, pobail scoile agus pobail dheoise páirt go fonnmhar in imeachtaí na seachtaine seo ar bhealaí thar a bheith cruthaitheach. Tá tábhacht ar leith ann i mbliana go nglacfaidh na paróistí páirt cheannasach a chinnteoidh go gcuirfear tús maith le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha agus go léirítear do chách go bhfuil na scoileanna bunaithe agus fréamhaithe go daingean sna pobail pharóisteacha inar tógadh iad. Is dócha gur fearr é seo a dhéanamh trí thús foirmiúil a chur le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha i rith Aifreann an Domhnaigh ar an 27 Eanáir. Mar chabhair daoibhse agus do

ghrúpa liotúirgeach an pharóiste agus sibh ag ullmhú don cheiliúradh seo moltar go mbeadh cruinniú pleanála agaibh le príomhoidí na scoileanna, leis na múinteoirí agus le daoine tábhachtacha eile. Chabhródh an méid seo leanas le struchtúr agus tacaíocht a thabhairt dá leithéid de chruinniú:

Cruinniú Pleanála

An Chéad Phaidir: D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an bpaidir sin ar leathanach 5 a dúradh roimh gach seisiún den Dara Comhairle Vatacánach:

Téama:

Déan plé ar feadh tamaill ar théama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013. D'fhéadfaí díriú ar na ceisteanna seo:

- Conas mar a fhréamhaítear ár gcuid scoileanna sa phobal creidimh?
- Conas a thugann an paróiste tacaíocht leanúnach do na scoileanna?
- Conas a chuireann na scoileanna le saol an phobail sa pharóiste?
- Conas is féidir linn cur síos cuimsitheach a dhéanamh ar an ngaol idir na scoileanna agus muintir an pharóiste? Taispeántas a shuíomh san eaglais, sa leabharlann, i halla an phobail? Machnamh ar leith i rith Aifreann? Cruinniú a ghairm i halla an phobail nó ar scoil i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha?
- An bhféadfaí rud ar leith a bhronnadh ar scoileanna an pharóiste nuair a léitear Aifreann tosaigh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha? Coinneal mar shampla, nó ábhar éigin a chuirfí ar taispeáint sa Spás Beannaithe ag doras na scoile; Bíobla do sheomra ranga; íomhá d'earlamh na scoile nó d'earlamh an pharóiste; cóip den leabhrán *Roinn an Dea-Scéala* le cur sa seomra foirne?



Aifreann ar an Tríú Domhnach Saor

Is féidir teacht ar acmhainní as Gaeilge d'Aifreann an Tríú Domhnach Saor san eagrán Nollaig/Eanáir den iris Intercom. Tá nótaí ann chomh maith maidir le haitheasc a thabhairt ar an lá céanna, in iris mhí Eanáir de The Furrow.

Mórshiúl Tosaigh

B'fhéidir gur mhaith an rud é mórshiúl tosaigh a bheith ann agus siombail oiriúnacha a léiríonn an gaol deilíneach idir an scoil agus an paróiste a thaispeáint. D'fhéadfadh duine de na hionadaithe a d'ainmnigh an pobal áitiúil ar an mBord Bainistíochta/Gobharnóirí bheith mar fhinné ar an gceangal atá ann idir an scoil agus an paróiste. Má tá taispeántas le sonrú sa séipéal a léiríonn imeachtaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha bheadh sé oiriúnach na siombailí a taispeánadh sa mhórshiúl a lonnú ann. Má tá coinneal ar leith le haghaidh Bliain an Chreidimh sa pharóiste, d'fhéadfaí í a iompar sa mhórshiúl, le go lasfadh ball de phobal na scoile agus ball den pharóiste le chéile í ar an Domhnach áirithe seo.

Focal Tosaigh

D'fhéadfadh ball den phobal fáilte a chur roimh chách, agus úsáid a bhaint as an méid atá ar leathanach 11, le míniú gairid a thabhairt ar imeachtaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013.

Ceol

D'fhéadfadh an fhoireann agus na mic léinn ceol a chur ar fáil.

Liotúirge an Bhriathair

Toisc gur gnáthcheiliúradh ar Eocairist an Domhnaigh atá ann, ba cheart go leanfaí leis

an ngnáth nós maidir le Ministir an Bhriathair bheith ag léamh. Is fógra infheicthe é seo den chothú a ndéantar orainn trí cheiliúradh na hEocairiste agus den spreagadh a dtugtar dúinn dul abhaile agus dul ar scoil leis an Dea-Scéala a scaipeadh i measc na bpobal sin. D'fhéadfadh mic léinn an salm agus an Alleluia a chanadh. Spreag na daltaí sin atá ag ullmhú don Chóineartú guí an phobail a scríobh a bheadh oiriúnach le léamh ag an Aifreann Domhnaigh seo.

An Altóir a Ullmhú agus na Bronntanais a Thabhairt i Láthair

Tabhair cuireadh do theaghlach áirithe an altóir a ghléasadh agus na tabhartais d'fhion agus d'arán a thabhairt aníos.

Machnamh don Chomaoín

D'fhéadfaí machnamh oiriúnach a léamh ag an am seo; má tá rudaí le bronnadh ar an scoil ag an bparóiste, ba mhaith an rud é a dhéanamh ag an tráth seo. D'fhéadfadh cuid de na páistí an machnamh a chur i láthair chomh maith.

Féile

Ba mhaith an rud é an deis a thapú cupán tae a chur ar fáil i ndiaidh an Aifrinn. Is dócha go mbeadh an comhlachas tuismitheoirí agus buíonta áitiúla eile sásta teacht le chéile agus a leithéid a eagrú.



Deiseanna eile Aird a Tharraingt ar Cheiliúradh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha sa Pharóiste

Bileog Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha

Is féidir íoslódáil a dhéanamh ar bhileog a mhíníonn Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 ag an suíomh www.catholicbishops.ie. D'fhéadfaí an íoslódáil seo a scaipeadh ag an Aifreann ceiliúrtha ag tús Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha. Scaipfeadh daltaí ó na scoileanna áitiúla an bhileog roimh agus tar éis Aifrin.

Nuachtlitir an Pharóiste

Déan deimhin de go dtugtar fógraíocht go forleathan i measc an phobail ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha trí nóta a chur i nuachtlitir an pharóiste ar feadh cúpla seachtain sula dtosaíonn Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013. Bíodh cur síos soiléir ann ar imeachtaí a reáchtálfar sa pharóiste. D'fhéadfaí cur síos a leagadh amach ar an dóigh seo:

Cuirtear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 ar an Domhnach 27 Eanáir. Is é seo an cúigiú bhliain as a chéile dúinn ceiliúradh a dhéanamh ar an gcion tairbhe iontach a chuireann na scoileanna Caitliceacha ní hamháin leis an bpobal áitiúil, ach leis an tsochaí Éireannach i gcoitinne. Is é téama na bliana seo ná An Scoil Chaitliceach sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt. Beidh an paróiste seo againne ag glacadh páirte sa cheiliúradh trí....

An Chomhairle Thréadach

Bí ag smaoineamh ar am a chaitheamh maidir le hionchur, plé agus machnamh a dhéanamh ar chuid den ábhar a luaitear ar leathanaigh 130–48 de *Roinn an Dea-Scéal* ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle Thréadach.

An Séiplíneach

- Tapaigh an deis seo chun cuairt a thabhairt ar an méid seomraí ranga agus is féidir chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí atá beartaithe ag an scoil don tseachtain seo. Tabharfaidh na hacmhainní atá sa leabhrán cabhair duit fócas áirithe a dhíriú ar na téamaí a mholtar in aghaidh an lae d'obair na bpáistí.
- Spreag na daltaí le páirt a ghlacadh i Lá na Seantuismitheoirí ar an 30 Eanáir. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an lá seo i mbliana, de bharr téama na seachtaine.
- Tabhair cuairt ar an seomra foirne i rith na seachtaine, agus bíodh císte nó bosca brioscaí le tabhairt agat chomh maith!





Téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013

Cuireann an téama seo, **Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt** i gcuimhne dúinn go bhfuil Bliain an Chreidimh á cheiliúradh againn agus tugtar cuireadh dúinn páirt níos iomláine a ghlacadh sa phobal creidimh, agus leis an acmhainn Roinn an Dea-Scéala: An tEolaire Náisiúnta don Chaiticéis. Rud níos suntasaí fós, déantar iarracht ann an scoil a shuíomh agus a fhréamhú go daingean i bpobal mór an chreidimh ionas go gcuirfear dúshlán romhainn suntas níos mó a thabhairt don dualgas atá orainn i leith na scoileanna Caitliceacha mar áit amháin sa phobal sin ina ndéantar an creideamh a éileamh lena chothú, agus a dhoimhniú.

Nuair a d'fhógair an Pápa Beinidict XVI Bliain an Chreidimh, thug sé deis do na scoileanna Caitliceacha ath-thiomnú a dhéanamh i dtreo go neartófaí agus go ndéanfar ceiliúradh ar an tsainiúlacht Chaitliceach a bhaineann leo. Cuireadh tús le Bliain an Chreidimh ar an 11 Deireadh Fómhair 2012, dáta suntasach ó thaobh na hEaglaise Caitlicigh de. Déanann sé comóradh caoga bliain ar thosach an Dara Chomhairle Vatacánach agus comóradh fiche bliain ar fhoilsiú an leabhar Teagasc Críostaí na hEaglaise Caitlicigh. Cuirfear deireadh le Bliain an Chreidimh

ar an 24 Samhain 2013, Féile Chríost Rí. Beidh deis ag an eaglais Chaitliceach áitiúil agus an eaglais dhomhanda comóradh a dhéanamh, doimhneacht a chur le saibhreas an chreidimh Chaitlicigh agus é a roinnt leis an saol. Glaoitear orainn agus iarrtar orainn urnaí a dhéanamh ag an am seo, cuir leis an tuiscint atá againn maidir lenár gcreideamh féin, bheith mar fhinnéithe air inár saol féin, agus freastal a dhéanamh ar na pobail ghátaracha sa bhaile agus i gcéin.

Roinn an Dea-Scéala: An tEolaire Náisiúnta don Chaiticéis

Tá cuid mhaith ábhar machnaimh ann dóibh san a mbeadh ag iarraidh a gcuid creidimh a láidirú agus a chothú. Dearbhaítear agus aithnítear an scoil Chaitliceach ann mar chuid de bhunchloch an pharóiste, a chuireann go mór le fás creideamh na ndaltaí (*Roinn an Dea-Scéala* #91, lth. 131).

Is i rith na seachtaine seo a dtugtar cuireadh do na scoileanna Caitliceacha ceiliúradh a dhéanamh agus taitneamh a bhaint as bheith mar chuid thábhachtach de phobal grámhar lúcháireach atá ag fás agus ag forbairt.

I Roinn an Dea-Scéala déantar cur síos ar an oideachas Caitliceach agus deirtear gurb í an aidhm bhunaigh atá leis ná go bhfásadh an duine iomlán mar phearsa atá beo bríomhar ina leith féin agus lena mhuintir, i gcomhar le Críost. (*Roinn an Dea-Scéala*, #28, lth. 44).

Sna scoileanna Caitliceacha spreagtar na daltaí chun fáis i gcomhar le Críost agus lena chéile. Aithníonn téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 nach féidir leo, agus nach ceart go n-iarrafaí ar na scoileanna an obair seo a dhéanamh as a stuaim féin, ach go gcabhródh na pobail chreidimh ina mbíonn an scoil lonnaithe leis an obair a chur chun cinn; pobal creidimh an pharóiste, agus an pobal creidimh atá ag an mbaile. Go fírinneach, is forás ar an dá phobal seo atá sa scoil Chaitliceach.

I rith na seachtaine seo spreagtar pobail na scoileanna an deis a thapú ceiliúradh a dhéanamh agus buíochas a ghabháil as an obair leanúnach a ndéantar mar fhreagairt ar dhúshlán Bhliain an Chreidimh. Spreagtar sinn féin le hurnaí a dhéanamh, an creideamh atá ionainn cheana féin a dhoimhniú, agus tríd an bhealach ina mairimid, bheith mar fhinnéithe ar ár gcreideamh inár saol féin, agus freastal a dhéanamh ar an muintir sin atá thíos leis, sa bhaile nó i gcéin. Iarrtar orainn machnamh a dhéanamh maidir leis an mbealach ina bhféadfaimis an obair sin a leathnú agus a dhoimhniú. Iarrtar ar na pobail chreidimh sin a thugann cabhair agus cothú riachtanach do na scoileanna, machnamh a dhéanamh faoin mbealach is fearr le go bhféadfaidís leanúint ag tacú go láidir leo, agus a dhearbhu gur áis iontach í an scoil Chaitliceach maidir leis an eaglais is an pobal áitiúil agus an teaghlach ag an mbaile.



YEAR OF FAITH 2012
2013

An Luan: Roinnimid an Dea-Scéala le Pobal an Pharóiste

Tionól a Chuirfidh Tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha

Na rudaí a bheidh uait:

Spás Beannaithe ina mbíonn:

- Bíobla; Coinneal; Paidrín; Bosca Trócaire, Cruinneog Leanaí ar son Leanaí nó rud ar bith eile a léireodh tabhartas na scoile, leabhar *Beo go Deo*, Arán agus Caora Fhíniúna.

- Seisear páiste ó rang 3 agus seisear ó rang 5 a chuirfeadh na hoibiachtaí i láthair agus tagairt a dhéanamh dóibh.
- Seisear páiste chun idirghuí a dhéanamh.

Céard Faoi:

- Cuireadh a thabhairt don sagart bheith i láthair
- Ceol a chur leis an am urnaí

Cinnire: Móra daoibh ar maidin, agus fáilte chuig an tionól seo a chuireann tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha inár scoileanna, sa pharóiste agus ag an mbaile. I dtosach báire gearraimis fíor na Croise orainn féin: In ainm an Athar, agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.

Bhfuil a fhios agaibh go bhfuil breis agus 2,800 scoileanna Caitliceacha in Éirinn? I rith na seachtaine seo táimid chun am a chaitheamh ag ceiliúradh na hoibre a dhéanann scoileanna dár leithéid cabhrú linne maireachtáil de réir mar a iarrann Íosa orainn. Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná.

An Scoil Chaitliceach sa Phobal Creidimh: Roinnimid an Dea-Scéala. Tuigimid ar fad an bhrí atá le pobal. Is pobal ar leith í pobal na scoile, mairimid mar chomhluadar. Cén éagsúlacht a bhaineann le pobal creidimh n'fheadar? Tugaimid faoi deara go bhfuil ábhar sa Spás Beannaithe a thugann le fios dúinn na fáthanna go mbaineann éagsúlacht leis an bpobal creidimh. Iarraimis cabhair ó dhaltaí áirithe ón tríú agus ón gcúigiú rang.

Nóta: Lig do na páistí bheith ina seasamh ionas go bhfeicfear na sé shiombail ar fad le chéile ag an deireadh.

Dalta 1: Tógann Bíobla ón Spás Beannaithe agus ardaíonn le gur féidir le cách é a fheiceáil.

Dalta 2: Tugann an pobal creidimh cluas chun éisteacht ar Bhriathar Dé.

Dalta 3: Tógann coinneal ón Spás Beannaithe agus ardaíonn le gur féidir le cách í a fheiceáil.

Dalta 4: Leanann an pobal creidimh le lasair an chreidimh a adhaint.

Dalta 5: Tógann paidrín ón Spás Beannaithe agus ardaíonn le gur féidir le cách é a fheiceáil.

Dalta 6: Déanann an pobal creidimh urnaí i dteannta a chéile.

Dalta 7: Tógann bosca Trócaire, cruinneog Leanaí ar Son Leanaí, nó rud éigin eile a léiríonn tabhartas, ón Spás Beannaithe agus ardaíonn le gur féidir le cách é a fheiceáil.

Dalta 8: Bíonn an pobal creidimh fial le daoine gátaracha.

Dalta 9: Tógann leabhar Beo go Deo ón Spás Beannaithe agus ardaíonn le gur féidir le cách é a fheiceáil.

Dalta 10: Bíonn an pobal creidimh ag foghlaim go leanúnach maidir leis an tslí mhaireachtála a mholfadh an Tiarna dúinn.

Dalta 11: Tógann arán agus caora fhíniúna ón Spás Beannaithe agus ardaíonn le gur féidir le cách iad a fheiceáil.

Dalta 12: Tuigeann an pobal creidimh go ndéantar Corp agus Fuil Chríost den arán agus den fhíon nuair a bhailimid le chéile leis an Aifreann a cheiliúradh.



Cinnire: Breathnaímis go géar ar feadh nóiméid ar na nithe éagsúla atá á thaispeáint ag na daltaí. Cabhraíonn gach aon cheann acu tuiscint bheith againn ar an éagsúlacht a bhaineann leis an bpobal creidimh. Cabhraíonn siad linn chomh maith an dea-scéala a roinnt. Is sinne an pobal creidimh sa scoil seo. Déanaimid na nithe ar fad a luaigh na daltaí ó chianaibh. Roinnimid an dea-scéala ar scoil in aghaidh an lae. Ach ag an am céanna bainimid le pobal creidimh atá níos leithne ná an pobal scoile. Tá cónaí orainn sa phobal seo; téimid ar Aifreann sa phobal seo. An féidir le duine ar bith ainm an phobail seo a rá liom? Paróiste a dtugtar air. Is pobal creidimh é an paróiste agus gabhaimid buíochas as an bparóiste inniu.

Má bhíonn an sagart i láthair d'fhéadfaí é a aithint agus a leithéid seo de thagairt a dhéanamh dó:

Gabhaimid buíochas ar leith as an sagart a thugann treoir dúinn agus a dhéanann freastal orainn sa pharóiste. Guímis ar son a chéile, ar son an pharóiste, ar son an domhain uile.

Cuireann na daltaí na nithe a bhí á iompar acu ar ais sa Spás Beannaithe agus filleann siad ar a gcuid suíocháin.

Idirghuí: Is é an freagra ná, 'A Thiarna bí ceannsa agus éist linn'.

Léitheoir 1: Guímid ar son na dtuismitheoirí a chláraigh sinn mar bhaill den phobal creidimh nuair a baisteadh sinn. **A Thiarna Éist Linn.**

Léitheoir 2: Guímid ar son na múinteoirí agus ar son an uile dhuine a oibríonn ar scoil go gcabhróidh siad linn i ngníomh agus i bhfocail, tuiscint leanúnach bheith againn faoin mbrí a bhaineann le bheith mar bhall de phobal creidimh. **A Thiarna Éist Linn.**

Léitheoir 3: Guímid ar son na sagart, na mban rialta, ar son na n-oibreoirí agus ar son gach duine i saol creidimh an pharóiste a chabhraíonn agus a oibríonn linn leis an Dea-Scéala a roinnt agus an eaglais a thógáil. **A Thiarna Éist Linn.**

Léitheoir 4: Guímid ar son na ndaoine atá faoi bhuairt, atá tinn, nó nach bhfuil go leor bia acu, go dtabharfaidh an pobal creidimh gach cabhair agus tacaíocht dóibh agus iad gan maoin an tsaoil bheith acu. **A Thiarna Éist Linn.**

Léitheoir 5: Guímid ar son daltaí uile na scoile, agus ar son mic léinn ar fud na tíre, go roinnfimid an dea-scéala lena chéile i rith na seachtaine seo agus i gcónaí. **A Thiarna Éist Linn.**

Léitheoir 6: Guímid ar son an Phápa Beinidict, ar son [ainm....] an t-easpag, ar son na sagairt ar fad agus ar son na ndaoine ar fad ar domhan a dhéanann an Dea-Scéala a roinnt. Go mbeidh an misneach iontu maireachtáil de réir mar a iarrann Íosa orthu. **A Thiarna Éist Linn.**

Guímis anois an phaidir a thug ár Slánaitheoir dúinn.

Ár nAthair ...

Cinnire: A Dhia Ghrámhar, tuigimid go maith go mbíonn tú inár dteannta i gcónaí. Bronn orainn an neart agus an misneach leis an dea-scéala a thabhairt chuig na scoileanna, chuig na teaghlaigh, agus chuig an bparóiste i rith na seachtaine seo agus i gcónaí. Cabhraigh linn agus muid ag iarraidh maireachtáil de réir do thoil. Deonaigh go n-éireoidh linn lasair an chreidimh a thabhairt beo inniu agus riamh chun ár muintir féin. **Áiméan**

Má bhíonn sagart i láthair d'fhéadfaí a iarraidh air beannacht a chur ar chách ag an bpointe seo. Mura mbíonn, cuir deireadh le cúrsaí:

Cuirimid deireadh leis an am urnaí seo de réir mar a thosaíomar, agus comhartha an chreidimh á ghearradh orainn féin againn in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naomh. **Áiméan.**

Don Mhúinteoir:

Tá imeachtaí ann inniu do na ranganna Sóisearacha agus do na ranganna Sinsearacha. An mbeadh fonn ort cuireadh a thabhairt don sagart nó d'oibrí sóisialta teacht chuig rang sinsearach ach go háirithe agus labhairt faoin bParóiste? Beidh eolas bunúsach ó na mic léinn chun an leathanach saothair seo a líonadh, agus d'fhéadfaí cur leis an obair trí phictiúir, agus trí staitisticí a bheith istigh leis ionas go ndéanfaí tionscadal níos iomláine faoin bParóiste de. Chun an cheist: 'Conas a Roinnimid an Dea-Scéala inár bParóiste?' a fhreagairt beidh gá le plé maidir leis an Aifreann, grúpaí éagsúla sa pharóiste, adhradh na hEocairiste, eagrais nó imeachtaí carthanachta agus a leithéidí.

Tá leathanach le dathú ina dhiaidh sin dírithe ar na ranganna sóisearacha. Bheadh deis ann chomh maith, cuairt a thabhairt ar an séipéal áitiúil, ainm an éarlaimh agus ainmneacha na sagart a lorg, agus eolas a fháil faoi na daoine a bhíonn ag obair sa pharóiste .



Eolas Faoin bParóiste

Ainm: _____

Naomh: _____

Sagairt: _____

Séipéil: _____

Scoileanna: _____

An tEolas atá agam
faoin bParóiste: _____

An Rud is Mó a
Thaitníonn Liom
Faoin bParóiste: _____

Conas a Roinnimid
an Dea-Scéala
inár bParóiste: _____



ROINNIMID AN DEA-SCÉALA NUAIR A THÉIMID AR AIFREANN



An t-ainm atá ar an sagart ná _____

An Mháirt: Roinnimid an Dea-Scéala Le Pobal na Deoise

Don Mhúinteoir: Inniu táimid chun tagairt a dhéanamh don eaglais taobh amuigh den pharóiste, sé sin an Deoise lena mbaineann na mic léinn. Tá gníomhaíocht ar leathanach 17 a bhaineann leis na ranganna sóisearacha, agus beidh na ranganna sinsearach ábalta go leor na himeachtaí níos deacra a dhéanamh ar leathanaigh 18 agus 19. Ag www.catholicbishops.ie/dioceses tá léarscáil na ndeoisí in Éirinn, rud a chabhróidh leis an obair ar leathanach 18.

Easpag nó Ardeaspag a dtugtar ar cheann na deoise, agus is é an Pápa a cheapann é. Bíonn na heaspaig mar chomharbaí ar an Dáréag Aspal. Bíonn séipéal ar leith ag an easpag sa deoise, agus tugtar an **ardeaglais** uirthi. Tagann an t-ainm Béarla ón bhfocal Laidin *cathedra*, rud a chiallaíonn cathaoir. Is siombail í an chathaoir de, gurb é an t-easpag an príomh-oideoir a scaipeann an dea-scéala sa deoise. Caitheann an t-easpag **bairrín**, seanstíl de cheannbheart, agus nuair a bhíonn an tAifreann á rá aige bíonn **bachall** ina láimh aige, rud atá díreach cosúil leis an mbata a iompraíonn an t-aoire. Tugann an bhachall le fios gurb é an t-easpag aoire na deoise. I ndiaidh aiséirí dó, dúirt Íosa le Peadar Naofa Déan m'uain a chothú agus Déan mo chaoirigh a aoireacht (Eoin 21: 15-18). Leanann an tEaspag treoir Íosa go dtí an lá atá inniu ann. Tá cúpla bealach ar leith ina ndéanann sé a leithéid, nuair a léann sé **Aifreann an Chríosa** sa tSeachtain Mhór in aghaidh na bliana, agus nuair a bhronnann sé **Sacraimint an Chóineartaithe** orainn. Ag Aifreann an Chríosa beannaíonn agus coisriceann an t-easpag an ola a úsáidtear i sacraimint an Bhaiste, sa Chóineartú, nuair a chuirtear an Ola Dhéanach ar dhaoine, agus nuair a oirnítear fir.



Roinntear tír na hÉireann ina **cheithre phroibhinse eaglasta** – Ard Mhacha, Baile Átha Cliath, Caiseal agus Tuaim. Tá gaol scaoilte ag na proibhinsí seo le Cúige Uladh, Cúige Laighean, Cúige Mumhan agus Cúige Chonnacht. I ngach aon cheann de na proibhinsí eaglasta seo tá **ard-deoise** agus méid áirithe deoisí. Tá sé deoise agus fiche in Éirinn, agus roinntear mar seo iad:

Proibhinse Ard Mhacha Ard-Deoise Ard Mhacha Deoise Ardach agus Chluain Mhic Nóis Deoise Chlochair Deoise Dhoire Deoise na Cille Móire Deoise na Mí Deoise Ráth Bhoth Deoise an Dúin agus Choinnre Deoise an Droma Mhóir	Proibhinse Bhaile Átha Cliath Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath Deoise Fhearna Deoise Chill Dara agus Leithghlinne Deoise Osraí
Proibhinse Chaisil Ard-Deoise Chaisil agus Imligh Deoise Chluana Deoise Chorcaí agus Rossa Deoise Chiarraí Deoise Chill Dalua Deoise Luimnigh Deoise Phort Láirge agus Leasa Móire	Proibhinse Thuama Ard-Deoise Thuama Deoise Achadh Conaire Deoise Chluain Fearta Deoise Ail Finn Deoise na Gaillimhe, Chill Fhionnúrach agus Chill Mhic Dhuach Deoise Chill Ala




Baineann ár
bparóiste
le deoise _____

Is é an t-easpag cinnire na deoise.

An t-ainm
atá air ná _____

Scríobh ainm na Deoise san áit cheart ar an léarscáil





Ár nDeoise

Ainm: _____

Éarlaimh: _____

An tEaspag: _____

Ainm na hArdeaglaise: _____

Suíomh: _____

Ár bParóiste: _____

I measc na n-eagras a roinneann an dea-scéala sa deoise luaitear:

Paidir ar son na Deoise

A Dhia, a Athair grámhar,

Is sinne do mhuintir, na caoirigh tréadacha.

Coinnigh an Deoise seo _____ faoi do chúram i gcónaí.

Tabhair dúinn an grásta cabhrú ar bhealach oiriúnach agus ríocht Dé a thógáil, tríd an dea-scéala a scaipeadh, agus muid ag maireachtáil de réir mar a d'iarr Íosa orainn.

Deonaigh go mbeidh cinnirí eolacha agus ministrí flaithiúil againn, agus go gcónóimid le chéile ar bhealach síochánta agus caidreamh comhchuí á chothú againn i measc chách.

Iarraimid é seo ort trí Chríost ár dTiarna.

An Chéadaoin: Lá na Seantuismitheoirí – Roinnimid an Dea-Scéala sa Bhaile

Don Mhúinteoir: Le blianta beaga anuas d'ainmníomar an Chéadaoin i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha mar lá ar leith le go ndéanfadh pobal na scoile comóradh faoi na seantuismitheoirí agus aitheantas a thabhairt dóibh, as ucht na hoibre a rinneadar mar gheall ar an gcreideamh a thabhairt ar aghaidh don ghlúin óg, agus an tacaíocht a léiríodar i dtaobh an phobail creidimh sa bhaile agus sa pharóiste. Is féidir cuid den ábhar thíos a úsáid, agus/nó úsáid a bhaint as an tseirbhís urnaí atá le fáil ar leathanaigh 21 go 23 chun comóradh a dhéanamh ar Lá na Seantuismitheoirí ar scoil.

Scríobh Dán, Paidir, nó Scéal

Déantar Lá Náisiúnta Seantuismitheoirí na hÉireann a cheiliúradh in aghaidh na bliana i mí Mheán Fómhair. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag an suíomh **www.catholicgrandparentsassociation.com**. Ba bhreá leis an mhuintir a eagraíonn an ócáid seo go bhfaighidís paidreacha, nó dánta mar gheall ar na seantuismitheoirí agus iad a bheith istigh ar an gcomóradh. D'fhéadfá am a chaitheamh inniu ag tabhairt cuireadh do na daltaí scéal nó dán nó paidir a scríobh ag cur síos ar na seantuismitheoirí. Tabharfar na cáipéisí seo go Cnoc Mhuire agus leagfar ar altóir na scríne iad an uair a bheidh Lá na Seantuismitheoirí á chomóradh, mí Mheán Fómhair seo chugainn.

Is féidir dánta, paidreacha agus scéalta chur sa phost chuig Aontas na Seantuismitheoirí Caitliceacha, An Meal, Sráid Chaisleán an Bharraigh, Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo. (Fón: 098- 24877)

Grá ar Leith

Bíonn grá ar leith ag páistí dá seantuismitheoirí. Baineann meas thar cuimse leis an ngrá seo, as an aigne agus an cumas a bhíonn iontu. Bímid thar a bheith buíoch díobh as na luachanna a bhronn siad orainn, agus bainimid sult as na scéalta teaghlaigh a bhíonn acu agus a roinneann siad linn. Is grá ar leith é an grá seo, grá a eascraíonn as an gcúram agus as an aire a thug siad dúinn ar feadh na mblianta fada. Is é seo an saghas grá a léireofar duitse a sheanathair agus duitse a sheanmháthair, ar ócáid mar seo agus i gcónaí riamh.

Buíochas le hAontas na Seantuismitheoirí, Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo

Cárta an Dea-Scéala

Déan cártaí leis na focail seo scríofa orthu:

'Buíochas as bheith linn chun an dea-scéala a roinnt lenár muintir'

Is féidir iad a thabhairt abhaile le bronnadh ar na seantuismitheoirí, nó iad a chur sa phost má bhíonn na daoine sin ag cónaí as baile.



Seirbhís Urnaí le Comóradh a Dhéanamh ar Lá na Seantuismitheoirí

Is féidir an tseirbhís urnaí gearr seo a leasú de réir mar a oireann do do rang nó do do phobal scoile féin. Is féidir é a leasú fiú mura mbíonn cuireadh chuig seantuismitheoirí á thabhairt agat ar an lá san. Dá mhéad seantuismitheoirí a ghlacann páirt trí phíosaí a léamh is ea is fearr.

Cinnire:

Cuirimid tús leis an am urnaí seo a chaithimid le chéile trí fhíor na Croise a ghearradh orainn féin mar seo: In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spiorad Naoimh. Áiméan. Nuair a bhíonn an choinneal á lasadh ar maidin againn, déanaimis machnamh air go bhfuil ár gcaráil inár measc i gcónaí. Gabhaimid buíochas ar maidin as an méid a bhronnann ár seantuismitheoirí orainn, agus cuirimid fáilte rompu leis an iomann seo.

🎵 *Céad Míle Fáilte Romhat, Beo go Deo 3*, leathanach 297

Cinnire:

Cuirimid fíorchaoín fáilte roimh na seantuismitheoirí a tháinig inár dteannta anseo inniu. Is é seo an chéad uair do chuid agaibh cuairt a thabhairt ar an scoil, agus aithnímid daoine eile a thagann go rialta chun ua nó banua a bhailiú ón scoil. Tugaimid chun cuimhne na seantuismitheoirí nach féidir leo an ócáid áthasach seo a cheiliúradh linn; iad san a chónaíonn i bhfad ó bhaile; iad san atá tinn sa bhaile nó san ospidéal; iad san atá ar dheasláimh Dé, ar shlí na Fírinne. Pé áit ina bhfuil siad, cuimhnimis orthu ar maidin.

Anois, tabharfaimid cluas do Bhriathar Dé.

Oiriúnaithe ó Mharcas 4:1-20

Léitheoir 1: Lá amháin, d'inis Íosa an scéal seo dá lucht leanúna: 'Éistigí! Samhlaigh go ndeachaigh an síoladóir amach ag cur an tsí. Thit cuid den ghrán le hais an bhóthair agus tháinig an éanlaith á ithe suas.

Thit cuid eile den ghrán ar an gcreagán, áit nach raibh mórán ithreach ann dó, agus d'eascair sé gan mhoill de bhrí nach raibh an ithir dhomhain aige; agus nuair d'éirigh an ghrian loisceadh é, agus toisc nach raibh fréamh aige d'fheoigh sé. Thit cuid eile den ghrán sa deilgneach agus d'fhás an deilgneach aníos agus phlúc é, agus níor thug sé aon toradh uaidh. Ach thit gráinní eile ar an talamh maith agus thug toradh uathu ag fás suas agus ag méadú. Agus dúirt sé, 'An té a bhfuil cluas chun éisteachta air, éisteadh!'

Léitheoir 2: Ina dhiaidh sin, chuir cairde Íosa ceist air faoin mbrí a bhain leis an scéal. Dúirt sé leo, 'Síolann an síoladóir an briathar. Na daoine seo le hais an bhóthair, nuair a shíoltar an briathar, is daoine iad agus nuair a chluineann siad é, déanann siad dearmad láithreach air. Na daoine sin a ghlac an síol ar an gcreagán, ghabh siad an briathar chucu le háthas, ach ní bhíonn fréamh acu iontu féin agus ní mhaireann an síol. Na daoine seo a ghlac an síol sa deilgneach, is daoine iad go dtagann cúraimí an tsaoil anuas orthu agus déantar dearmad ar an méid a chualathas.



Ansin táthar ann a ghlac an síol ar an talamh maith, is iad seo na daoine a chluineann an briathar agus a ghabhann chucu é, agus a thugann toradh uathu faoi thríocha agus faoi sheasca, agus faoi chéad.

Cinnire:

D'inis Íosa lear mór parabal, agus seo ceann amháin acu. Measaim gur scéal iontach do shaol an lae inniu é. Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2013 ná 'Na Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: an Dea-Scéala á Roinnt'. Baineann parabal an lae inniu leis an dea-scéala chomh maith, agus tá cuid mhaith daoine inár dteannta inniu a chabhraigh le síol Bhriathar Dé a chur, an rud a lorgaíonn Íosa uainne mar shíoladóirí. Cé hiad na daoine seo, meas tú? Go deimhin, is iad na seantuismitheoirí a chuir síol an chreidimh i gcroí bhur dtuismitheoirí féin nuair a baisteadh iad, agus chothaigh siad na síolta sin. Rinne siad deimhin de gur thit na síolta sin ar thalamh thorthúil. Rinneadar amhlaidh trí urnaí a dhéanamh leo, iad a thabhairt ar Aifreann, eolas faoin Tiarna a thabhairt dóibh agus

léargas a thabhairt dóibh faoin sórt saoil a lorgaíonn sé uathu. Lean na tuismitheoirí leis an obair mar shíoladóirí nuair a baisteadh sibhse.

Thug siad chun cuimhne an méid a rinne a dtuismitheoirí siúd, bhur seantuismitheoirí, dóibh, agus rinneadar amhlaidh daoibhse. Bíonn tacaíocht acu áfach, toisc go gcabhraíonn na seantuismitheoirí leo na síolta a cuireadh ionaibhse a chothú. Múineann siad bhur bpaidreacha daoibh, tugann siad léargas daoibh ar an tslí mhaireachtála a lorgaíonn Íosa uainn, déanann siad iliomad rudaí eile a chabhraíonn libhse bhur gcreideamh a neartú. Roinneann siad an dea-scéala go fíor, agus tá an t-ádh linne iad a bheith páirteach inár saol. Ba cheart dúinn gair mholta agus bualadh bos a thabhairt dóibh a léiríonn cé chomh sásta is atáimid go roinneann siad an dea-scéala linn.

Ag an bpointe seo ba mhaith an rud é ceist a chur ar roinnt de na seantuismitheoirí scéalta creidimh a roinnt linn, conas a chothaíodh an creideamh iontu, cén tábhacht a bhaineann leis an gcreideamh ina saol, conas mar a cheapann siad go bhfuil an Dea-Scéala á roinnt acu leis an ua nó leis an mbanua

Cinnire: Gabhaimid buíochas leis na haíonna speisialta **as an dea-scéala a roinnt linn agus as bheith mar dhea-scéala i measc pobal na scoile chomh maith.**

Cuirimis ár bpaidreacha os comhair Íosa ár gcara anois: A Thiarna bí ceannsa agus éist linn.

1. Guímid orthusan atá i láthair, ár gcuid múinteoirí, foireann na scoile agus ár muintir féin. Gabhaimid buíochas le hÍosa as an dea-scéala a roinneann siad linn. **A Thiarna Éist Linn**
2. Guímid ar son ár dtuismitheoirí, agus ar son ár seantuismitheoirí, iadsan a thugann grá agus aire dúinn, agus a roinneann an dea-scéala linn. Iarraimid ort iad a chosaint agus a chumhdach. **A Thiarna Éist Linn.**
3. Gabhaimid buíochas as na múinteoirí sa scoil seo. Bronn orthu na buanna a bheadh uathu sinn a mhúineadh. Cuir do ghrá beannaithe anuas orthu, bíodh foighne acu, le go dtuigfidís an obair atá rompu do dhea-scéala a bheith á roinnt acu linne i gcónaí. **A Thiarna Éist Linn.**





4. Cuir do bheannacht ar pháistí an domhain, iadsan atá ar scoil anseo, sa bhaile, agus lena muintir féin. Tugaimis chun cuimhne na leanaí sin faoi mhíbhuntáiste nach mbíonn scoil ar bith acu. Go mbeidh grá Dé le sonrú acu, agus go roinnfidh siad an grá agus an dea-scéala lena chéile. **A Thiarna Éist Linn.**
5. Cuimhnímis go brónach anois ar na seantuismitheoirí siúd atá ar shlí na fírinne. Iarraimid ar Íosa a bheannacht a chur orthu, agus leaba ar Neamh bheith acu i measc na naomh. **A Thiarna Éist Linn.**

Cinnire:

Ofrálaimid ár bpaidreacha ar fad, ráite nó faoi rún inár gcroí, os do chomhair a Dhia ghrámhar, agus deirimid:

Ár nAthair

Cinnire:

Agus muid ag druidim le deireadh an ceiliúradh seo ar maidin, guímis an bheannacht deiridh le chéile.

Cuir ceist ar chách aithris a dhéanamh ar gach aon líne tar éis don Chinnire í a rá.

Beannaigh sinn ar maidin, a Íosa caoin,
beannaigh idir óg is aosta.
Beannaigh na daoine sin atá i gcéin, nó atá ar shlí na fírinne.
Beannaigh ár gcairde a tháinig chun bheith in éineacht linn in Éirinn.
Beannaigh a muintir siúd atá i bhfad uathu ar maidin.
Beannaigh ár seantuismitheoirí, gráigh iad agus bronn sláinte mhaith orthu.
Beannaigh sinne le do ghrá, an grá sin a roinnfimid lenár muintir féin, lenár gcairde, agus le pobal na scoile.
Beannaigh i gcónaí sinn le go roinnfimid Dea-Scéala ár gcara Íosa go deo. Áiméan.

Iomann Scoir:

♪ 'Pobal Chríost, *Beo go Deo* 7
'Bailímis le Chéile, *Beo go Deo* 7
'Críost mo Sholas, *Beo go Deo* 7



An Déardaoín: Roinnimid an Dea-Scéala le Pobal na Scoile

Is áit í an scoil ina gcloistear dea-scéala Íosa. Tá go leor daoine ar scoil a chabhraíonn linn briathar Dé a chloisteáil agus a thuiscint. Cabhraíonn na daoine seo linn an briathar a thuiscint nuair a thugann siad aire dúinn.

Ranganna Sinsearach: Scríobh dea-scéal thíos agus roinn leis an rang ar fad é, nó croch suas in áit oiriúnach é le go dtabharfaidh pobal na scoile faoi deara é.

NUAHTÁN AN DEA-SCÉALA

Mo Dhea-Scéal

[illegible]



Ranganna Sóisearacha: Bíodh turas an duine ag na daltaí dea-scéala atá acu a roinnt leis an rang ar fad. Déan pictiúr a léiríonn an dea-scéala a bhí agat féin.

Déan pictiúr faoi na daoine atá ar scoil a chabhraíonn leat éisteacht le dea-scéala Íosa:

Cloisimid an Dea-Scéala, agus Roinnimid an Dea-Scéala dá Bharr!

Déan liosta de chúig bhealach ina bhféadfaimis dea-scéala íosa a roinnt ar phobal na scoile i ngníomh agus i bhfocal. Cabhróidh na heochairfhocail seo leanas leat:

Cabhair; Cúram; Grá; Roinn;
Tabhair; Cineálta; Maith; Guigh.

1. _____

2. _____

3. _____

4. _____

5. _____

Guímis lena Chéile:

A Thiarna Dia,
Gabhaimid buíochas as na múinteoirí agus as an uile dhuine a bhaineann le pobal na scoile agus a roinneann dea-scéala íosa linn. Cabhraigh linn éisteacht ar an dea-scéala, agus é bheith beo ar scoil i ngach aon ghníomh, i ngach aon fhocal againn. Deonaigh go bhfeidhmeoidh an scoil seo againne mar áit ina mbeidh éisteacht i gcónaí ann ar bhriathar Dé, agus go gcaithfimid ár saol ar an mbealach ceart dá bharr. Áiméan.



An Aoine: Múineann Naomh Bríd Dúinn Conas an Dea-Scéala a Roinnt

Don Mhúinteoir: I rith na seachtaine seo bhí machnamh á dhéanamh againn maidir leis na bealaí ina bhféadfaimis an dea-scéala a roinnt i measc na bpobal creidimh. Inniu, ar Lá Fhéile Bríde, tógaimid mar eiseamláir í, mar dhuine a scaip an creideamh in anallód, agus déanaimid iarracht aithris a dhéanamh uirthi ag an am seo, san áit seo. I measc acmhainní an lae tá seirbhís urnaí a chuirfidh deireadh le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha.

De réir an tseanchais, rugadh Naomh Bríd sa chúigiú haois i gContae Lú. Ón uair a bhí sí ina leanbh, léirigh Bríd cion ar na bochtáin agus bhí sí fial leo, toisc gur thuig sí an grá ar leith a bhí ag Dia dóibh. Sa scéal seo tá cur síos ar an mbealach inar thug Bríd uaithi an t-aon bhia amháin a bhí aici, do bhean a bhí faoi ghátar.

Naomh Bríd agus an tIm

Ba dhuine fial cineálta í Naomh Bríd, dála na naoimh ar fad. Bhí cion ar leith aici ar na bochtáin, agus thug sí go fial dóibh, toisc gur thuig sí an grá ar leith a bhí ag Dia dóibh chomh maith.


Tharla gur chuala seanbhean trácht ar Bhríd. Thug sí cuairt ar theach Bhríde. Bhí im sa chuinneog á ullmhú ag Bríd. Ní raibh an t-uafás bainne aici áfach, díreach go leor chun prionta beag amháin ime a dhéanamh. Agus í ag obair léi, chuir an tseanbhean cnag ar an doras. Bhí sí bocht, ocrach. 'Ó cad a dhéanfaidh mé' ar sí go truamhéalach, 'Níor ith mé le trí lá anuas, agus ní chuirfidh mé céim eile díom mura bhfaighidh mé bia.'

Bhí trua an domhain ag Bríd don tseanbhean. Bhreathnaigh sí thart ar lorg bia di, ach ní raibh aici ach an t-aon phrionta beag amháin ime. 'Níl go leor ime dúinn féin ann' a deir sí léi féin agus í ag breathnú ar an aon phrionta beag amháin ime, 'ach tá níos mó ocras ar an mbean seo ná mar atá orainne. Caithfear é a thabhairt di.' Bhronn Bríd an t-im uirthi. Nuair a thuig an tseanbhean an méid a bhí déanta ag Bríd, cheap sí gur duine thar an ghnáth ar fad a bhí inti, agus go gcaithfeadh go raibh gaol gairid aici le Dia.

Is minic a thug Bríd bia uaithi dóibhsean a bhí bocht agus ocrach. Bhí cion mór ag an ngnáth chosmhuintir ar Bhríd as ucht a cineáltas ina leith.



Roinn Naomh Bríd an méid a bhí aici leis na daoine gátaracha. An féidir leatsa roinnt le daoine eile? Bain triail as an méid atá thíos agus as do thuairimí féin chomh maith.





Seirbhís Urnaí in Onóir Bhríde

Beidh Uait:

- Deichniúr páiste mar léitheoirí
- Spás Beannaithe a chur i dtreo ina réachtálfar an tseirbhís urnaí

Iomann Tosaigh: ‘Bailimis le Chéile’ (*Beo go Deo* 7)

Cinnire: In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh,
Pobal: Áiméan.

Cinnire: Guímis chun an aingil choimhdeachta i dtosach báire:

Pobal: A Aingil Ghil Dé,

Cuir mé faoi do smacht, mar a d’ordaigh Mac Grámhar Dé ina reacht.

Seas le mo thaobh gach am den lá,

Soilsigh is cosain is seol mé slán. Áiméan.

Cinnire: Bailímid le chéile inniu ar Lá Fhéile Bríde chun deireadh lúcháireach a chur le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha. Rugadh Bríd i gContae Lú taca an ama ina raibh Pádraig Naofa beo. Bean cineálta a bhí inti, duine a chaith a saol ag tabhairt cabhair do dhaoine eile. Tuigimid ar scoil anseo chomh maith, an tábhacht a bhaineann le bheith cabhrach do chách. Éistimis leis an scéal seo faoi Naomh Bríd, agus smaoinigh faoin teachtaireacht atá ann dúinn féin.

Léitheoir 1: Ba dhuine fial cineálta í Naomh Bríd, dála na naoimh ar fad. Bhí cion ar leith aici ar na bochtáin, agus thug sí go fial dóibh, toisc gur thuig sí an grá ar leith a bhí ag Dia dóibh chomh maith.

Léitheoir 2: Tharla gur chuala seanbhean trácht ar Bhríd. Thug sí cuairt ar theach Bhríde. Bhí im sa chuinneog á ullmhú ag Bríd. Ní raibh an t-uafás bainne aici áfach, díreach go leor chun prionta beag amháin ime a dhéanamh. Agus í ag obair léi, chuir an tseanbhean cnag ar an doras. Bhí sí bocht, ocrach.

Léitheoir 3: ‘Ó a thiarcais, cad a dhéanfaidh mé’ ar sí go truamhéalach, ‘Níor ith mé le trí lá anuas, agus ní chuirfidh mé céim eile díom mura bhfaighidh mé bia.’

Léitheoir 2: Bhí trua an domhain ag Bríd don tseanbhean. Bhreathnaigh sí thart ar lorg bia di, ach ní raibh aici ach an t-aon phrionta beag amháin ime.

Léitheoir 4: ‘Níl go leor ime dúinn féin ann’ a deir sí léi féin agus í ag breathnú ar an aon phrionta beag amháin ime, ‘ach tá níos mó ocrais ar an mbean seo ná mar atá orainne. Caithfear é a thabhairt di.’

Léitheoir 2: Bhronn Bríd an t-im uirthi. Nuair a thuig an tseanbhean an méid a bhí déanta ag Bríd, cheap sí gur duine thar an ghnáth ar fad a bhí inti, agus go gcaithfeadh go raibh gaol gairid aici le Dia.

Léitheoir 1: Is minic a thug Bríd bia uaithi dóibhsean a bhí bocht agus ocrach. Bhí cion mór ag an ngnáth chosmhuintir ar Bhríd as ucht a cineáltas ina leith.

Cinnire: Thuig Naomh Bríd go maith, an tábhacht a bhain le bheith ag roinnt do choda ar chách. Tuigimid go gcaithfimid féin bheith fial flaithiúil agus ár gcuid a roinnt chomh maith. Ceann de na buanna is mó a bhaineann leis an scoil seo ná an creideamh láidir i nDia atá ionainn. Caithfimid é a roinnt ar chách díreach mar a rinne Bríd é. Iarraimis ar Dhia mar sin, an neart a bhronnadh orainn an dea-scéala a scaipeadh i measc na bpobal creidimh. An freagra atá ar na paidreacha ná 'A Thiarna bí Ceannsa agus Éist Linn'.

Pobal: A Thiarna bí Ceannsa agus Éist Linn.

Léitheoir 5: Guímid ar son sagairt, mná rialta, agus oibreoirí tréadacha an pharóiste, agus ar son an uile dhuine a chabhraíonn linn an Dea-Scéala a roinnt le pobal an pharóiste. A Thiarna Éist Linn. (Freagra)

Léitheoir 6: Guímid ar son na gcomhairleoirí deoise agus ar son an uile dhuine a chabhraíonn linn an Dea-Scéala a roinnt le pobal deoise_____. A Thiarna Éist Linn (Freagra)

Léitheoir 7: Guímid ar son na dtuismitheoirí, na seantuismitheoirí, na Carais Críost agus ar son an uile dhuine a chabhraíonn linn an Dea-Scéala a roinnt sa bhaile. A Thiarna Éist Linn (Freagra)

Léitheoir 8: Guímid ar son na múinteoirí, CRS, agus ar son an uile dhuine a chabhraíonn linn an Dea-Scéala a roinnt ar scoil. A Thiarna Éist Linn (Freagra)

Léitheoir 9: Guímid ar son na scoileanna Caitliceacha, go roinnfidh siad an Dea-Scéala sna pobail chreidimh lena mbaineann siad. A Thiarna Éist Linn (Freagra)

Léitheoir 10: Guímid go mbeimid fial flaithiúil i ngach rud a dhéanaimid, agus go roinnfimid go fonnmar lena chéile. A Thiarna Éist Linn (Freagra)

Cinnire: Tugaimis glóir lena chéile do Dhia, díreach mar a rinne Naomh Bríd é:

Pobal: Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh. Mar a bhí ar dtús, mar atá fós, agus mar a bheidh go brách, le saol na saol. Áiméan.


Cinnire: A Thiarna Ghrámhar, gabhaimid buíochas leat as oidhreacht Bhríde, sárnaomh Éireannach. Cabhraigh linne an dea-scéala de do ghrá a scaipeadh, díreach mar a rinne sise é. Beannaigh an scoil Chaitliceach seo, agus deonaigh go mbeidh forás á dhéanamh ag cách mar phobal creidimh. Iarraimid é seo ort trí Chríost ár dTiarna.

Pobal: Áiméan.

Cinnire: In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh,

Pobal: Áiméan.

Iomann Deiridh: 🎵 'Gabhaim Molta Bríde'. (*Leabhar Iomann Veritas*)



Is iad baill an choiste stiúrtha ná:

Gary Abrahamian; Jim Cassin; Martin Delaney; Colette Dower; Michael Drumm;
Paul Farren; Fiona Gallagher; Seán Goan; Maura Hyland; Martin Long;
Tony McCann; Maeve Mahon; Bernie Martin; Michael Redmond; Maria Spring;
Eithne Woulfe



YEAR OF FAITH ²⁰¹²/₂₀₁₃

Na Scoileanna Caitliceacha sa Phobal Creidimh: An Dea-Scéala á Roinnt

Acmhainní le haghaidh Phobal na Bunscoile: An Teaghlach, An Scoil agus an Paróiste

27 Eanáir – 2 Feabhra 2013